# Árais Máithreacha agus Naíonán

## Measúnú Rangbhunaithe OSSP – Moltaí Gníomhartha Saoránachta

SLEAMHNÁN 1




## Nótaí an Mhúinteora

Cuirfidh an scoláire trí ghníomh saoránachta ar a laghad i gcrích mar chuid dá fhoghlaim sna trí shnáithe de ghearrchúrsa OSSP. Cruthóidh an scoláire Taifead ar Ghníomh Saoránachta do cheann amháin díobh sin mar Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB).

Léirítear sa Taifead Gníomhartha Saoránachta mar a théann scoláire i ngleic go gníomhach le ceist nó le hábhar spéise agus gabhtar ann an gníomh a rinneadh agus tuairimí an scoláire air.

Tá nascadh na foghlama leis an ngníomh ina chroíchuid den ghearrchúrsa OSSP. Níl na céimeanna a mholtar ar na chéad sé sleamhnán eile ceaptha a bheith ina liosta saintreorach. I dteannta an ranga nó i ngrúpaí beaga, ba cheart tacú leis an scoláire agus é ag roghnú na céime is fíorspéise agus imní dó, a bhaineann le ceann de na topaicí a ndearnadh staidéar orthu.

### Foinse

Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) – Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe, lch.6 & 8.

NCCA

# Moladh 1: Finnéithe

**Táimid mar chuid d'oidhreacht bheo an chórais sin...**

Mari Steed – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. Ich.6.

Eagraigh aoichainteoir ag a bhfuil taithí ar áras Máithreacha agus Naíonán nó ar institiúidí stairiúla eile. Déan machnamh ar an tábhacht le héisteacht lena nglór agus lena scéal a chloisteáil.

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie



## Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí an Duine, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.9:** peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta
- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 1.11:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann siad aisti


NCCA

# Moladh 2: Leigheas

**Leigheas: Duine nó rud a chur ar a sheanléim arís, chun rud a chur ina cheart arís. Freisin…le rud a leigheas, agus a thabhairt ar ais.**
Seamus Heaney, tagartha in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lch.xii.

Déan tuilleadh taighde ar institiúidí stairiúla na hÉireann. Sraith moltaí a chruthú faoin gcaoi chun leigheas agus cothrom na Féinne a chinntiú do mharthanóirí agus dá dteaghlaigh. Comhroinn do mholtaí le polaiteoirí áitiúla nó leis na meáin.

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie



## Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí an Duine, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 1.11:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann siad aisti

### Naisc úsáideacha

Moltaí na Tuarascála Deiridh de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán

Maeve O'Rourke, Claire McGettrick, Rod Baker, Raymond Hill et al., CLANN: *Ireland's Unmarried Mothers and their Children*: Gathering the Data: Bunaighneacht don Choimisiúin Imscrúdúcháin maidir le hÁrais Máithreacha agus Naíonán Baile Átha Cliath: Justice For Magdalenes Research, Adoption Rights Alliance, Hogan Lovells, 15 Deireadh Fómhair 2018.

NCCA

# Moladh 3: Próifíl dlíthiúil

**...ní féidir linn ár scéal a insint go fírinneach gan an scéal a bheith ar eolas againn. Is é an crann seasta dó sin nó rochtain ar eolas.**
Mari Steed – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lch.6.

Cruthaigh próifíl de cheann de na dlíthe nó níos mó a chinneann cé acu an bhfaigheann na marthanóirí rochtain ar eolas faoina máithreacha breithe agus faoin seal a chaith siad sna hárais Máithreacha agus Naíonán nó nach bhfaigheann. Mar shampla, Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) an AE nó An tAcht um Fhaisnéis Bhreithe agus Rianú (2022).

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie



## Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus Freagrachtaí an Duine agus Snáithe 3: An Daonlathas a Fhiosrú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 3.7:** dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena shaol féin
- **Torthaí Foghlama 1.11 & 3.14:** Machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann sé aisti

### Naisc úsáideacha

An tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe (2022):

- gov.ie – Rochtain ar Shonraí Pearsanta
- Faoin reachtaíocht – Faisnéis & Rianú Breithe
- Acmhainní – Clann: Ireland's Unmarried Mothers and their Children: Gathering the Data
- An tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe (2022) – Clann: Ireland's Unmarried Mothers and their Children: Gathering the Data

An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR):

- Achoimre ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (citizensinformation.ie)
- Mo chearta sonraí – Acmhainn do dhaoine a raibh tionchar ag sárú ar chearta daonna 'stairiúil' in Éirinn orthu. Human Rights Law Clinic in Ionad na hÉireann do Chearta an Duine, Ollscoil na Gaillimhe, Justice for Magdalenes Research and Adoption Rights Alliance.

NCCA

# Moladh 4: Cearta marthanóra

**Nuair a thosaigh mé ag casadh [leis na daoine eile a uchtaíodh ó na hárais Máithreacha agus Naíonán], bhí muid mar a bheadh teaghlach ann...**
Mari Steed, Comhordaitheoir SAM *Adoption Rights Alliance*

Déan iniúchadh ar eagraíocht nó ar ghrúpa atá ag obair ar chearta na marthanóirí institiúideacha/na ndaoine uchtaithe. Mar shampla: *Adoption Rights Alliance, Association of Mixed Race Irish, CLANN project, Justice for the Magdalenes Research* (JFMR) nó grúpa pobalbhunaithe/ á stiúradh ag institiúid stairiúil in áit ar leith. Comhroinn do thorthaí le daoine eile.

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie



## Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí an Duine, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.5:** Scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine
- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 1.11:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann siad aisti

### Naisc úsáideacha

Adoption Rights Alliance. Comhionannas – Stair – Cearta

The Association of Mixed Race Irish

Buckley, Christine | Díolaim Beathaisnéisí na hÉireann

Clann: Ireland's Unmarried Mothers and their Children: Gathering the Data

Justice for Magdalenes Research – Acmhainn do dhaoine a raibh tionchar ag Ionaid Mhaigdiléana orthu agus a bhfuil spéis acu iontu

O'Rourke, M. 'The Justice for Magdalenes Campaign' in Egan, S. Ed. 2016. *Implementing International Human Rights: Perspectives from Ireland*. Bloomsbury.

### Féach freisin:

Árais Máithreacha agus Naíonán i dTuaisceart Éireann | Amnesty International UK

Is sampla de ghrúpa pobalbhunaithe/ a bhfuil oibrithe deonacha i gceannas air é Open Heart City, a bhfuil nasc aige le hinstitiúid ar leith:

OPEN HEART CITY: SRÁID SHEÁIN MHIC DHIARMADA

Scéalta Ghráinseach Ghormáin – Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin

NCCA

## Moladh 5: ionas nach dtarlóidh sé arís go brách

**Caithfimid an stair a bhaineann leis an gcaibidil níos gruama seo in Éirinn a mhúineadh dár bpáistí agus an chuimhne a choinneáil beo le nach dtarlóidh sé arís.**

Mary Harney – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lch.6.

Déan iniúchadh ar impleachtaí chearta an duine a bhaineann le ceann acu seo a leanas (nó ceann cosúil leis):

- córas an tsoláthair dhírigh in Éirinn
- easpa dídine in Éirinn
- obair dheonach i ndílleachtlanna idirnáisiúnta

Úsáid do thorthaí chun eolas a dhéanamh do dhíospóireacht ar an rún seo a leanas: "Is féidir cosc a chur ar leatrom ar chearta an duine inniu trí fhoghlaim faoi leatrom ar chearta an duine san am a caitheadh."

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie

# Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus Freagrachtaí an Duine, agus Snáithe 2: Saoránacht Dhomhanda., lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.4:** sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais
- **Toradh Foghlama 1.7:** tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine
- **Toradh Foghlama 1.9:** peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú cearta
- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 2.5:** scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú
- **Torthaí Foghlama 1.11 & 2.12:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann sé aisti

### Acmhainní úsáideacha an tseomra ranga*

#### Soláthar díreach

- Comhairle Náisiúnta na nÓg (NYCI) 2023. *Tight Spaces: Acmhainn oideachais maidir le soláthar díreach cruthaithe ag daoine óga do dhaoine óga.*
- A Partnership with Africa (APA). 2016. *The Outsiders: Páistí a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach in Éirinn* – Acmhainn d'OSSP agus do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí.

#### Easpa dídine

- Focus Ireland. 2010. *Gan do bhaile féin, forbraíonn do shaol ar bhealach difriúil – Acmhainn maidir leis an easpa dídine d'OSSP na Sraithe Sóisearaí.*

**An obair dheonach go hidirnáisiúnta**

- Tearfund. 2021. *Just Care, Just Volunteering: Ag déanamh iniúchadh ar thionchar na hoibre deonaí i ndílleachtlanna agus sa chúram institiúideach ar shaol na bpáistí leochaileacha – Acmhainn na hoibre don ógra*.

*Is féidir gach rud a íoslódáil saor in aisce ón gcatalóg acmhainne ag www.developmenteducation.ie

NCCA


# Moladh 6: Toradh cuilitheach

**Caithfimid an stair a bhaineann leis an gcaibidil níos gruama seo in Éirinn a mhúineadh dár bpáistí agus an chuimhne a choinneáil beo le nach dtarlóidh sé arís.**

Mary Harney – Fianaise in O'Donnell, K., O'Rourke, M. agus Smith, J. 2022. *Redress: Ireland's Institutions and Transitional Justice*. UCD Press: Baile Átha Cliath. lch.6.

Bain leas as d'fhoghlaim faoi chearta an duine agus faoin tionchar atá ag institiúidí stairiúla na hÉireann chun seisiún piartheagaisc a eagrú agus a chur i gcrích le rang OSSP nó Staire eile.

Féach Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe (2019) le haghaidh tuilleadh eolais agus tacaíochta atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie



## Nótaí an Mhúinteora

Is féidir an gníomh saoránachta seo a nascadh le go leor torthaí foghlama i Snáithe 1: Cearta agus freagrachtaí an Duine, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh siúd a liostáiltear thíos.

### Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- **Toradh Foghlama 1.7:** tuiscint a chur in iúl faoin tábhacht a bhaineann leis an DUCD, an CNACL agus an CECD do chur chun cinn chearta an duine
- **Toradh Foghlama 1.10:** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint
- **Toradh Foghlama 1.11:** machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim leanúnach agus faoin mbrí a mbaineann siad aisti